Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7881/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0012(COD)**

**CODEC 790**
**TRANS 226**
**MAR 79**
**ENV 346**
**IA 111**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/EU agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 16 Eanáir 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 23 Bealtaine 2018[2].

3. Ar an 10 Deireadh Fómhair 2018, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

1 5454/18.
2 IO L 283, 10.8.2018, lch. 61.
3 IO L 461, 21.12.2018, lch. 220.

4. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 85/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin ag vótáil ina choinne;

   – a chinneadh go ndéanfar na ráitis, atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

---

[4] 7175/19.